Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

**An Bhruiséil, 19 Aibreán 2021**

**CM 2772/21**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2018/0207(COD)**

**CODEC**
**JAI**
**INF**
**CADREFIN**
**FREMP**
**DROIPEN**
**COPEN**
**JUSTCIV**

## TEACHTAIREACHT

**AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN**

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | pawel.nalewajko@consilium.europa.eu<br>codecision.adoption@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32.2.281.12.31 |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna lena n-aisghairtear Rialachán 1381/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 390/2014<br>– An seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle a ghlacadh<br>– Toradh ar an nós imeachta i scríbhinn arna thionscnamh le CM 2690/21 |

Cuirtear in iúl do na toscaireachtaí go ndearnadh an nós imeachta i scríbhinn, ar cuireadh tú leis le CM 2690/21 an 1 Aibreán 2021, a thabhairt chun críche an 19 Aibreán 2021 agus gur vótáil na toscaireachtaí uile i bhfabhar ghlacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh, cé is moite de thoscaireachtaí na hUngáire agus na Polainne a vótáil ina choinne, maidir leis an dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna agus lena n-aisghairtear Rialachán 1381/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 390/2014 ón gComhairle, mar a leagtar amach in 6833/20 + COR 1 é, agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle mar a leagtar amach in ADD 1 REV 2 + COR 1 a ghabhann leis an doiciméad sin.

Sroicheadh an tromlach cáilithe is gá. Dá bhrí sin, glactar an seasamh thuas ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle.

Na ráitis ón mBulgáir agus ón Ungáir, tá siad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an CM seo.

Déanfar na ráitis thuas a áireamh san achoimre ar ghníomhartha arna nglacadh tríd an nós imeachta i scríbhinn mar ráitis atá le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle, i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

**IARSCRÍBHINN**

**Ráiteas ón mBulgáir**

Tacaíonn Poblacht na Bulgáire le haidhm an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna chun cearta agus luachanna a chosaint agus a chur chun cinn mar a chumhdaítear i gConarthaí an Aontais Eorpaigh agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí na sochaí shibhialta, chun sochaithe oscailte, daonlathacha agus cuimsitheacha a chothú.

Aithnímid gur cheart don Chlár tacaíocht a thabhairt chun gach cineáil foréigin in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac agus gur tosaíochtaí de chuid an Aontais iad cosc foréigin a chur chun cinn, tacaíocht d'íospartaigh agus cosaint íospartach a chabhraíonn le cearta bunúsacha daoine aonair a chomhlíonadh.

Ag an am céanna, tugaimid dár n-aire nár aontaigh an tAontas Eorpach do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl) agus nach cuid de dhlí an Aontais an Coinbhinsiún seo. Dá bhrí sin, ní féidir aon tagairt do Choinbhinsiún Iostanbúl sa Rialachán a fhorléiriú mar ghealltanas ón Aontas agus ó na Ballstáit an Coinbhinsiún a dhaingniú agus a chur chun feidhme.

**Ráiteas ón Ungáir**

Tá imní curtha in iúl ag an Ungáir, roinnt mhaith uaireanta le linn na caibidlíochta, a mhéid a bhaineann leis na dréachtrialacháin lena mbunaítear an Clár um Chearta agus Luachanna agus an Clár um Cheartas don tréimhse 2021-2027 agus ní féidir léi tacú leis na téacsanna críochnaitheacha uathu ach oiread.

Maidir leis an dréachtrialachán lena mbunaítear an Clár um Chearta agus Luachanna don tréimhse 2021-2027 agus an dréachtrialachán lena mbunaítear an Clár um Cheartas don tréimhse 2021-2027, tá an Ungáir den tuairim nár mhór athbhreithniú substaintiúil a dhéanamh ar na dréachtrialacháin ar na cúiseanna seo a leanas: easnaimh a mhéid a bhaineann leis an mbunús dlí (go háirithe maidir leis an tsraith 'luachanna an Aontais' chomh maith leis an tsraith 'Rannpháirteachas agus rannpháirtíocht na saoránach' de chuid an chláir 'Cearta agus Luachanna'), an raon feidhme doiléir nach mbeadh teoranta do réimse chur i bhfeidhm dhlí an Aontais (lena n-áirítear tagairtí do chonarthaí idirnáisiúnta nach bhfuil daingnithe ag an Aontas), an bhéim ar thacaíocht do chineál sonrach amháin eintitis incháilithe (eagraíochtaí na sochaí sibhialta) seachas díriú ar na tionscadail shuntasacha, chomh maith leis an tagairt do choincheapa nach bhfuil i gcomhréir le foclaíocht na gconarthaí. Tá an Ungáir meáite ar chearta bunúsacha agus luachanna Eorpacha a chosaint, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta agus cóir chomhionann a chur chun cinn.

Áitíonn an Ungáir go ndéanfar na buncheanglais a bhaineann le deimhneacht dhlíthiúil, prionsabal na tabhartha agus comhlíontacht leis na Conarthaí i gcoitinne a urramú ionas nach mbeifí den tuairim go bhféadfadh tionchar a bheith ag tuairimí polaitiúla agus idé-eolaíocha agus tosaíochtaí do chistiú ón Aontas á sainiú.